



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2023
(OR. en)

12481/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0104(COD)

DRS 44
EF 262
ECOFIN 838
SUSTDEV 114
COMPET 823
DELECT 122

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Lúnasa 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2023) 5303 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 31.7.2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5303 final.

Faoi iamh: C(2023) 5303 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.7.2023
C(2023) 5303 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 31.7.2023

**lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a
mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Treoir Chuntasaíochta (2013/34/AE¹) arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD - 2022/2464²), ceanglaítear ar chuideachtaí móra agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) liostaithe, chomh maith le máthairchuideachtaí grúpaí móra, an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar thionchair na cuideachta ar ábhair inbhuanaitheachta, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh na cuideachta, a áireamh i roinn ar leith dá dtuarascáil bhainistíochta³.

Ní mór an fhaisnéis sin a thuairisciú i gcomhréir le Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS), a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe nach mór an t-inneachar agus, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis sin a chur i láthair a shonrú⁴. Áireofar san fhaisnéis sin faisnéis a bhaineann le tréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, de réir mar is infheidhme,⁵ agus is éard a bheidh inti⁶: (i) tuairisc ghearr ar shamhail ghnó agus ar straitéis ghnó an ghnóthais; (ii) tuairisc ar na spriocanna faoi cheangal ama a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta atá leagtha síos ag an ngnóthas; (iii) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta, agus saineolas agus scileanna ábhartha nó rochtain orthu; (iv) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; (v) faisnéis maidir le scéimeanna dreasachta a bheith ann atá nasctha le hábhair inbhuanaitheachta; (vi) tuairisc ar an bpróiseas díchill chuí atá curtha chun feidhme ag an ngnóthas maidir le hábhair inbhuanaitheachta; (vii) na drochthionchair phríomha iarbhir nó ionchasacha a bhaineann le hoibríochtaí dílse an ghnóthais agus lena shlabhra luacha; (viii) aon ghníomhaíocht a dhéanann an gnóthas i ndáil le drochthionchair iarbhir nó ionchasacha, agus toradh gníomhaíochtaí den sórt sin; (ix) tuairisc ar na príomhrioscaí don ghnóthas a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; (x) táscairí atá ábhartha do na nochtaí a cheanglaítear. I gcás inarb infheidhme, beidh faisnéis ann faoi

¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

² Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15). Leis an Treoir sin, neartaíodh agus athbhreithníodh na ceanglais maidir le nochtheadh faisnéise neamhairgeadais a tugadh isteach sa Treoir Chuntasaíochta le Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le nochtheadh na faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais mhóra áirithe agus grúpaí móra áirithe (an Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais – NFRD).

³ Leagtar amach in Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais mhóra agus FBManna liostaithe. Leis an Treoir Chuntasaíochta arna leasú le CSRD ceanglaítear freisin ar na brainsí nó na fochuideachtaí de chuideachtaí neamh-AE áirithe faisnéis inbhuanaitheachta áirithe a thuairisciú (Airteagal 40a). Beidh feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe ar na brainsí agus na fochuideachtaí sin ó bhliain airgeadais 2028 ar aghaidh agus sonrófar an fhaisnéis a bheidh le tuairisciú i gcaighdeáin ar leithligh nach gcumhdaítear leis an ngníomh tarmligthe seo.

⁴ Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

⁵ Airteagal 19a(2), an dara fhomhír, agus 29a(2), an dara fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

⁶ Airteagal 19a(2) agus (3) agus 29a(2) agus (3) den Treoir Chuntasaíochta.

oibríochtaí dílse an ghnóthais agus faoina shlabhra luacha, lena n- áirítear a tháirgí agus a sheirbhísí, a ghaolmhaireachtaí gnó agus a shlabhra soláthair.

Ní mór do na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh freisin: (i) cáilíocht na faisnéise tuairiscithe a áirithiú⁷; (ii) gan ualach riaracháin díréireach a fhorchur ar ghnóthais⁸; (iii) an fhaisnéis a shonrú atá le nochtadh ag gnóthais maidir le tosca sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol, le cearta sóisialta agus cearta an duine, agus le rialachas⁹; (iv) an fhaisnéis réamhbhreathnaitheach, chúlghabhálach, cháilíochtúil agus chainníochtúil, de réir mar is iomchuí, atá le tuairisciú ag gnóthais a shonrú¹⁰; (v) na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gnóthais maidir le faisnéis a bhailiú ó ghníomhairí ar feadh a slabhra luacha a chur san áireamh¹¹; (vi) nochtáí maidir le slabhraí luacha atá comhréireach agus ábhartha do chumais agus saintréithe gnóthas i slabhraí luacha, agus do scála agus castacht a ngníomhaíochtaí, a shonrú¹²; (vii) gan nochtáí a shonrú lena gceanglófaí ar ghnóthais faisnéis a fháil ó FBManna ina slabhra luacha a sháraíonn an fhaisnéis atá le nochtadh de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh FBManna¹³; (viii) obair tionscnamh domhanda áirithe maidir le socrú caighdeán agus obair caighdeán agus creataí áirithe atá ann cheana, chomh maith leis na ceanglais a eascraíonn as píosaí sonracha de ghníomhartha an Aontais, a chur san áireamh, a mhéid is féidir¹⁴.

Ní mór don Choimisiún na caighdeáin sin a ghlacadh agus an chomhairle theicniúil a sholáthraíonn EFRAG¹⁵ á cur san áireamh, ar comhlachas neamhbhrabúsach é a bunaíodh faoi dhlí na Beilge a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail Eorpaigh sa tuairisciú airgeadais agus sa tuairisciú inbhuanaitheachta araon trí thuairimí Eorpacha i réimse an tuairiscithe airgeadais agus inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur chun cinn. Ní mór do chomhairle theicniúil EFRAG ceanglais áirithe a chomhlíonadh freisin¹⁶. Rinne EFRAG a rialachas a

⁷ Airteagal 29b(2), an chéad fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

⁸ Airteagal 29b(2), an chéad fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

⁹ Airteagal 29b(2), an dara fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

¹⁰ Airteagal 29b(3) den Treoir Chuntasaíochta.

¹¹ Airteagal 29b(4) den Treoir Chuntasaíochta.

¹² Airteagal 29b(4) den Treoir Chuntasaíochta.

¹³ Airteagal 29b(4) den Treoir Chuntasaíochta.

¹⁴ Airteagal 29b(5) den Treoir Chuntasaíochta. Ar reachtaíocht an Aontais nach mór a chur san áireamh tá an Rialachán maidir le Nochtáí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI - 2019/2088) agus gníomhartha tarmligthe gaolmhara, na gníomhartha tarmligthe gaolmhara a glacadh faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (2020/852), na gníomhartha tarmligthe ábhartha a glacadh faoin Rialachán maidir le Tagarmharcanna (2016/1011), gníomhartha cur chun feidhme áirithe a glacadh de bhun an Rialacháin maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR - 575/2013), an Moladh ón gCoimisiún maidir le feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí (2013/179/AE), an Treoir maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (2003/87/CE), an Rialachán maidir le hAeráidneodracht (2021/1119), Rialachán EMAS (1221/2009), an Treoir maidir le cosaint do lucht sceite eolais (2019/1937).

¹⁵ Airteagal 49(3b) den Treoir Chuntasaíochta. Ba é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais a thugtaí roimhe seo ar EFRAG. D'athraigh sé a ainm go EFRAG in 2022.

¹⁶ Sonraítear le hAirteagal 49(3b) den Treoir Chuntasaíochta na ceanglais seo a leanas maidir le comhairle theicniúil EFRAG: (i) forbraíodh í le próis chuí cheart, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht, le saineolas agus rannpháirtíocht chothrom na bpáirtithe leasmhara ábhartha, agus le cistiú poiblí leordhóthanach chun a neamhspleáchas a áirithiú; (ii) forbraíodh í ar bhonn clár oibre a ndeachthas i gcomhairle leis an gCoimisiún ina leith; (iii) tá anailísí costais is tairbhe ag gabháil le comhairle den sórt sin ina n- áirítear anailísí ar thionchair na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta; (iv) gabhann míniúchán léi faoin dóigh a gcuirtear san áireamh inti obair tionscnamh domhanda áirithe maidir le socrú caighdeán agus obair caighdeán agus creataí áirithe atá ann cheana, chomh maith leis na ceanglais a eascraíonn as píosaí sonracha de ghníomhartha an Aontais; (v) tá rannpháirtíocht in obair EFRAG ar an leibhéal teicniúil bunaithe ar shaineolas i dtuairisciú inbhuanaitheachta agus níl sí ag brath ar ranníocaíocht airgeadais; (vi) cuirtear na doiciméid a ghabhann leis an gcomhairle theicniúil isteach in éineacht léi.

mhodhnú in 2022 chun a ról nua i bhforbairt ESRS a léiriú. Go sonrach, rinne sé athbhreithniú ar a bhallraíocht sa chaoi go léireodh sí cothromaíocht idir páirtithe leasmhara, lena n- áirítear gnóthais, infheisteoirí, iniúcháirí, ceadchumann, an tsochaí shibhialta, acadóirí agus lucht socraithe caighdeán cuntasáiochta náisiúnta.

Leis an Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear ar an gCoimisiún an chéad tacar caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh faoin 30 Meitheamh 2023¹⁷. Leis na caighdeáin sin, ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú ag cuideachtaí i gcomhréir le hAirteagal 19a(1) agus (2), agus Airteagal 29a(1) agus (2) den Treoir Chuntasaíochta a shonrú, lena n- áirítear ar a laghad an fhaisnéis a theastaíonn ó rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais chun na hoibleagáidí maidir le nochtadh de chuid an Rialacháin maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI - 2019/2088) a chomhlíonadh¹⁸.

Chuir EFRAG a chomhairle theicniúil maidir leis an gcéad tacar caighdeán faoi bhráid an Choimisiúin an 22 Samhain 2022¹⁹. Forbraíodh an chomhairle theicniúil ar bhonn clár oibre a ndeachthas i gcomhairle leis an gCoimisiún ina leith i mí na Nollag 2021. Gabhann measúnú costais agus tairbhe léi lena n- áirítear anailís ar thionchair na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta, trí nóta i ndáil leis an bpróis chuí a lean EFRAG agus a chomhairle theicniúil á forbairt aige, agus trí mhíniúchán faoin dóigh a gcuirtear san áireamh sa chomhairle theicniúil obair tionscnamh domhanda áirithe maidir le socrú caighdeán agus obair caighdeán agus creataí áirithe atá ann cheana, chomh maith leis na ceanglais a eascraíonn as píosaí sonracha de ghníomhartha an Aontais.

Leis an ngníomh tarmligthe seo, glactar an chéad tacar de Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) a úsáidfídh gnóthais chun a dtuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta. Tá ESRS sa chéad tacar sin il- oiriúnach ó thaobh earnála de, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm acu maidir leis na gnóthais uile a thagann faoi raon feidhme CSRD gan beann ar an earnáil nó na hearnálacha ina n- oibríonn an gnóthas. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na gcaighdeán atá sa ghníomh tarmligthe seo chun a áirithiú go nochtfar faisnéis inbhuanaitheachta atá ábhartha, iontaofa agus inchomparáide mar thoradh orthu.

Tá coinne leis go nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe breise sna blianta amach anseo le haghaidh tacair bhreise caighdeán. Le CSRD, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a ghlacadh faoi mhí an Mheithimh 2024: caighdeáin earnáilsonracha, caighdeáin chomhréireacha le haghaidh FBManna liostaithe, agus caighdeáin le haghaidh cuideachtaí neamh- AE.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Sular chuir sé a chomhairle theicniúil faoi bhráid an Choimisiúin, d’eagraigh EFRAG roinnt imeachtaí for- rochtana le grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla ó mhí na Bealtaine go mí Iúil 2022, agus reáchtáil comhairliúchán poiblí maidir leis na 13 Réamhdhréacht ESRS a d’fhorbair Tascfhórsa Tionscadail EFRAG ó mhí Aibreáin go mí Lúnasa 2022. I bhfianaise na mbarúlacha a fuarthas le linn na gcomhairliúchán sin, d’athbhreithnigh EFRAG na Réamhdhréachtaí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inné páirtithe leasmhara. Ba iad na príomhréimsí modhnaithe:

¹⁷ Airteagal 29b(1), an dara fomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

¹⁸ Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

¹⁹ Tá an chéad tacar caighdeán ó EFRAG le fáil ag <https://www.efrag.org/lab6>.

- (a) Laghdú suntasach ar an líon ceanglas agus pointí sonraí maidir le nochtadh. Rinne EFRAG an líon ceanglas maidir le nochtadh a laghdú 40 % agus an líon pointí sonraí aonair a laghdú thart ar 50 %.
- (b) Caighdeáin dhomhanda tuairiscithe a chur san áireamh a thuilleadh, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh a oiread idir- inoibritheachta agus is féidir le caighdeáin amach anseo atá á bhforbairt ag an Bord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta agus le caighdeáin an Tionscnaimh Dhomhanda um Thuairisciú.
- (c) Ról níos lárnaí don phróiseas measúnaithe ábharthachta, agus go háirithe an prionsabal gur cheart an fhaisnéis uile a fhorordaítear sna caighdeáin a bhreithniú a bheith ábhartha don ghnóthas ach amháin má léirítear a mhalairt (an ‘toimhde infhrisnéise’ mar a thugtar air) a bhaint. De réir na comhairle teicniúla a chuir EFRAG faoi bhráid an Choimisiúin, bheadh gach nochtadh faoi réir measúnú ábharthachta ag an ghnóthas tuairiscithe, cé is moite díobh seo a leanas:
- Na ceanglais uile maidir le nochtadh agus na pointí sonraí uile sa chaighdeán ‘Nochtaí ginearálta’, lena sonraítear faisnéis fhíor- riachtanach atá le nochtadh gan beann ar an ábhar inbhuanaitheachta á bhreithniú.
 - Na ceanglais uile maidir le nochtadh agus na pointí sonraí uile sa chaighdeán aeráide, a bheadh éigeantach do na gnóthais uile a thagann faoin raon feidhme.
 - Na ceanglais uile maidir le nochtadh agus na pointí sonraí uile a áirítear sna caighdeáin toisc go gcomhfhreagraíonn siad go díreach do riachtanais faisnéise páirtithe eile a gceanglais féin maidir le nochtadh a chomhlíonadh faoi phíosáí reachtaíochta ar leithligh. Tagraíonn sé sin go sonrach d’fhaisnéis a theastaíonn ó rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais chun go gcomhlíonfaidh siad a gceanglais maidir le drochthionchair phríomha a nochtadh faoin Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe; an fhaisnéis inbhuanaitheachta a theastaíonn ó riarthóirí tagarmharcanna chun go gcomhlíonfaidh siad a gceanglais maidir le nochtadh faoin Rialachán maidir le Tagarmharcanna; agus an fhaisnéis a theastaíonn ó institiúidí airgeadais chun go gcomhlíonfaidh siad a gceanglais maidir le nochtadh faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, ar ceanglais ‘cholún 3’ iad mar a thugtar orthu. Bheadh na ceanglais sin maidir le nochtadh agus na pointí sonraí sin éigeantach freisin do na gnóthais uile a thagann faoin raon feidhme.
 - Roinnt ceanglas maidir le nochtadh agus roinnt pointí sonraí a bhaineann le lucht saothair dílis an ghnóthais, a bheadh éigeantach do ghnóthais a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu.
- (d) Roinnt ceanglas maidir le nochtadh a chéimniú isteach a bhreithnítear a bheith níos dúshlánaí do ghnóthais. Cheadófaí do ghnóthais méadrachtaí (sonraí) maidir lena slabhraí luacha a fhágáil ar lár ar feadh tréimhse 3 bliana. Ina theannta sin, dhéanfaí faisnéis áirithe maidir leis na saincheisteanna seo a leanas a chéimniú isteach i gcaitheamh tréimhsí idir 1 bhliain amháin agus 3 bliana: na héifeachtaí airgeadais ar an ghnóthas a eascraíonn as an aeráid; miondealú ar fhostaithe de réir inscne; cumhdach na cómhargála; pá leordhóthanach; an chosaint shóisialta; agus forbairt oiliúna agus scileanna.

Leis an measúnú costais agus tairbhe a rinne EFRAG ar an gcéad tacar dréacht- ESRS²⁰, cuirtear i láthair measúnú ar thionchar an chéad tacair caighdeán sin ar ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla (i.e. gnóthais AE, infheisteoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumann agus an tsochaí i gcoitinne, go príomha). Déantar idirdhealú leis an measúnú costais agus tairbhe idir costais agus tairbhí díreacha, agus costais agus tairbhí indíreacha²¹. Ar an iomlán, tá na costais i bhfad níos feiceálaí, níos inláimhsithe agus níos intomhaiste sa ghearrthearma, agus tá na tairbhí doláimhsithe agus dothomhaiste go príomha, spleách ar fhorbairtí reachtacha agus neamhreachacha eile, agus ní léir iad a bheith ann go dtí an meántearma nó an fadtearma. Tá na costais agus tairbhí measta sin bunaithe ar na caighdeáin bheartaithe a chuir EFRAG isteach, ní ar an ngníomh tarmligthe beartaithe críochnaitheach a chuir an Coimisiún i láthair.

Tar éis do EFRAG a chomhairle theicniúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus sular glacadh an gníomh tarmligthe seo, rinne an Coimisiún na comhairliúcháin seo a leanas, mar a cheanglaítear leis an Treoir Chuntasaíochta²²:

- Comhairliúchán comhpháirteach de Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát um Maoiniú Inbhuanaithe (MSEGSF) agus den Choiste Rialála Cuntasaíochta (ARC)²³;
- comhairliúchán leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margai (ESMA), leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúcháireachta (CEAOB) agus leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún an leagan deiridh atá beartaithe den ghníomh tarmligthe ar feadh tréimhse 4 seachtaine d'aiseolas poiblí ar an tairseach 'Cloisimis Uait' ón 9 Meitheamh go dtí an 7 Iúil 2023, i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le rialáil níos fearr.

Deimhníodh leis na comhairliúcháin sin go gcomhlíonann na dréachtchaighdeáin a chuir EFRAG isteach sainordú CSRD ar an mórgóir agus go mbainfidís amach na spriocanna beartais atá beartaithe i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. An tráth céanna, tharraing roinnt freagróirí aird ar a dhúshlánaí do chuid mhaith gnóthas atá roinnt mhaith de na ceanglais maidir le nochtadh atá molta ag EFRAG, agus go háirithe do ghnóthais nach raibh faoi réir ceanglais dlí roimhe seo maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Cuid de na ceanglais is dúshlánaí maidir le nochtadh sna dréachtchaighdeáin a chuir EFRAG

²⁰ Le fáil ag <https://www.efrag.org/lab6>. Coimisiúnaíodh an anailís sin chuig an Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (CEPS) agus dá chomhpháirtí Milieu.

²¹ *I gcomparáid le NFRD, is dócha go rannchuideoidh ESRS le faisnéis inbhuanaitheachta ó líon níos mó gnóthas a thuairisciú, ar faisnéis í atá níos ábhartha, níos inchomparáide, níos iontaofa agus níos inúsáidte, a bhfuil rochtain dhigiteach níos fearr uirthi, agus ar faisnéis éigeantach í. Leis sin, tabharfar caoi níos fearr d'infheisteoirí rioscaí comhshaoil agus sóisialta a chur san áireamh ina gcinntí infheistíochta agus tabharfar caoi do shaoránaigh, ceardchumann, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí sochaíocha eile gnóthais a choinneáil cuntasach as a dtionchair shóisialta agus comhshaoil. Is dócha go rannchuideoidh cur chun feidhme ceart ESRS le laghdú a dhéanamh ar na rioscaí sistéamacha don gheilleagar, le méadú a dhéanamh ar an sreabhadh caipitil chuig gnóthais a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus le neartú an chonartha shóisialta idir gnóthais agus saoránaigh. Thairis sin, rannchuideoidh sé le spriocanna uailmhianacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach.*

²² Airteagal 49(3b) den Treoir Chuntasaíochta.

²³ I dteannta na hiarrata ar bharúlacha i scríbhinn a cuireadh faoi bhráid ARC an 25 Samhain 2022 agus faoi bhráid MSEGSF an 28 Samhain 2022, eagraíodh cruinniú fíorúil comhpháirteach de ARC- MSEGSF an 15 Nollaig 2022.

isteach, measadh go mbaineann siad leis an mbithéagsúlacht, le lucht saothair dílis an ghnóthais, agus le nochtaí maidir le hoibrithe sa slabhra luacha, pobail dá ndéantar difear, agus tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh.

Thacaigh freagróirí eile leis na dréachtchaighdeáin a chuir EFRAG isteach, lena n-áirítear an cur chuige atá beartaithe maidir le hábharthacht, ceanglais áirithe maidir le nochtheadh a chéimniú isteach agus na nochduithe ar cheart iad a shonrú a bheith éigeantach. Leag go leor freagróirí béim ar an ngá atá le comhleanúnachas idir an fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi ESRS agus an fhaisnéis a theastaíonn ó rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, riarthóirí tagarmharcanna agus institiúidí airgeadais chun a n-oibleagáidí nochta féin a chomhlíonadh faoin Rialachán maidir le Nochtheadh Airgeadais Inbhuanaithe, faoin Rialachán maidir le Tagarmharcanna agus faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil faoi seach

Chuir roinnt mhaith de na freagróirí i dtábhacht go bhfuil gá le treoraíocht bhreise chun é a chur ar a gcumas do ghnóthais na caighdeáin a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtúil comhsheasmhach, go háirithe, ach ní go heisiach, i ndáil leis an bpróiseas measúnaithe ábharthachta agus nochtheadh faisnéise maidir leis an slabhra luacha. Rinne roinnt freagróirí tograí freisin chun feabhas a chur ar a chomhleanúnaí atá forálacha áirithe de na caighdeáin le CSRD nó le píosaí eile reachtaíochta an Aontais.

Thairis sin, ina straitéis maidir le hiomaíochas fadtéarmach, chuir an Coimisiún i dtábhacht a thábhachtaí atá córas rialála a áirithíonn go mbainfear cuspóirí amach ar na costais is lú. Tá geallta aige oibleagáid tuairiscithe a chuíchóiriú agus cuspóirí uailmhianacha a reachtaíochta a choinneáil ar bun an tráth céanna. Cé go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe áirithe fíor- riachtanach, ní mór iad a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir, forlúit a sheachaint, ualaí nach bhfuil gá leo a bhaint agus réitigh dhigiteacha agus idir- inoibritheacha a úsáid a mhéid is féidir. De réir mheon an ghealltanais sin, déantar oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú a thuilleadh leis an tionscnamh seo, gan difear a dhéanamh do shaothrú chuspóir na Treorach. Go sonrach, rinne an Coimisiún na modhnuithe seo a leanas ar na dréachtchaighdeáin a chuir EFRAG faoina bhráid, arb é is aidhm shonrach dóibh comhréireacht na gcaighdeán a áirithiú agus a gcur i bhfeidhm ceart ag gnóthais a éascú:

- **Ábharthacht:** beidh gach caighdeán agus gach ceanglas agus pointe sonraí maidir le nochtheadh laistigh de gach caighdeán faoi réir measúnú ábharthachta ag an ngnóthas, cé is moite de na ceanglais maidir le nochtheadh a shonraítear sa chaighdeán ‘Nochtaí ginearálta’. Tá sé sin éagsúil le togra EFRAG sa mhéid agus gur mhol EFRAG trí eisceacht eile ó phrionsabal ginearálta na hábharthachta (caighdeán aeráide; pointí sonraí a thagann ón Rialachán maidir le Nochtheadh Airgeadais Inbhuanaithe, ón Rialachán maidir le Tagarmharcanna nó ó na ceanglais maidir le nochtheadh ‘colún 3’ faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil; agus, i gcás gnóthais a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu, pointí sonraí áirithe maidir le lucht saothair an ghnóthais féin). Trí phrionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne agus trí cheangal a chur ar ghnóthais díriú ar na tionchair, ar na rioscaí agus ar na deiseanna sin a measadh a bheith ábhartha, meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an ualach do ghnóthais mar thoradh ar an mbeart sin agus go gcuideoidh sé lena áirithiú go mbeidh na caighdeáin comhréireach. Ní ceanglais dheonacha iad na ceanglais maidir le nochtheadh atá faoi réir ábharthachta, áfach. Ní mór an fhaisnéis atá i gceist a nochtheadh más faisnéis ábhartha í, agus má tá próiseas measúnaithe ábharthachta an ghnóthais faoi réir dearbhú seachtrach i gcomhréir le forálacha CSRD. Leis na caighdeáin ceanglaítear ar ghnóthais measúnú láidir ábharthachta a dhéanamh chun a áirithiú go nochtfar an fhaisnéis uile is gá chun cuspóirí agus ceanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí a chomhlíonadh. D’iarr an Coimisiún ar EFRAG treoraíocht bhreise a ullmhú do ghnóthais maidir le measúnú

ábharthachta, i measc nithe eile. Sonraítear an méid seo a leanas sna caighdeáin freisin:

- Má chinneann gnóthas nach ábhar ábhartha é an t-athrú aeráide agus, dá bhrí sin, nach dtuairiscíonn sé i gcomhréir leis an gcaighdeán sin, nochtfaidh sé míniú mionsonraithe ar chonclúidí a mheasúnaithe ábharthachta maidir leis an athrú aeráide. Áirítear an fhoráil sin mar aitheantas ar éifeachtaí forleathana córasacha an athraithe aeráide ar an ngeilleagar ina iomláine.
- Má chinneann gnóthas nach bhfuil pointe sonraí a thagann ón Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe, ón Rialachán maidir le Tagarmharcanna nó ó na ceanglais maidir le nochtadh ‘colún 3’ faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil ábhartha, luafaidh sé go sainráite go bhfuil an pointe sonraí atá i gceist ‘gan a bheith ábhartha’. Ina theannta sin, nochtfaidh gnóthais tábla ina mbeidh na pointí sonraí uile den sórt sin, ina léireofar an áit a bhfuil siad le fáil ina ráiteas inbhuanaitheachta nó ina luaitear ‘neamhábhhartha’ de réir mar is iomchuí. Is é is aidhm do na forálacha sin éascaíocht a dhéanamh ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí nochtta féin ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, ag riarthóirí tagarmharcanna agus ag institiúidí airgeadais faoin Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe, faoin Rialachán maidir le Tagarmharcanna agus faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil faoi seach.
- Ceanglais áirithe maidir le céimniú isteach: i dteannta na gcéimnithe isteach a bheartaíonn EFRAG, tá foráil déanta ag an gCoimisiún maidir le tuilleadh céimnithe isteach a chuideoidh le gach cuideachta, agus go háirithe cuideachtaí beaga atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta den chéad uair, na caighdeáin a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Is iad seo na céimnithe isteach breise a thug an Coimisiún isteach:
 - Féadfaidh gnóthais a bhfuil níos lú ná 750 fostaí acu na nithe seo a leanas a fhágáil ar lár: sonraí maidir le hastaíochtaí GCT scóip 3 agus na ceanglais maidir le nochtadh a shonraítear sa chaighdeán maidir le ‘lucht saothair dílis’ sa chéad bhliain a chuireann siad na caighdeáin i bhfeidhm; agus na ceanglais maidir le nochtadh a shonraítear sa chaighdeán maidir leis an mbithéagsúlacht agus oibrithe sa slabhra luacha, pobail dá ndéantar difear, agus tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh sa chéad dá bhliain a chuireann siad na caighdeáin i bhfeidhm.
 - Féadfaidh gach gnóthas an fhaisnéis seo a leanas a fhágáil ar lár sa chéad bhliain a chuireann siad na ceanglais i bhfeidhm: éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo agus baint acu le saincheisteanna comhshaoil nach mbaineann leis an aeráid (truailliú, uisce, bithéagsúlacht, agus úsáid acmhainní); agus pointí sonraí áirithe a bhaineann lena lucht saothair dílis (cosaint shóisialta, daoine faoi mhíchumas, drochshláinte a bhaineann leis an obair, agus cothromaíocht oibre agus saoil).
- Nochtaí deonacha a dhéanamh de nochtaí áirithe: áiríodh roinnt mhaith pointí sonraí deonacha cheana féin sna dréachtchaighdeáin a chuir EFRAG isteach. Rinne an Coimisiún cuid de na pointí sonraí éigeantacha a bheartaigh EFRAG a thiontú ina bpointí sonraí deonacha. Áirítear leis sin, mar shampla: pleananna aistrithe bithéagsúlachta; táscairí áirithe maidir le ‘neamhfhostaithe’ i lucht saothair dílis an

ghnóthais²⁴; agus míniú ar an bhfáth a mbreithneodh an gnóthas nach bhfuil ábhar inbhuanaitheachta áirithe ábhartha.

- Tuilleadh solúbthachtaí i nochtaí áirithe: i dteannta pointí sonraí deonacha a dhéanamh de phointí sonraí áirithe, thug an Coimisiún solúbthachtaí áirithe isteach i gcás cuid de na pointí sonraí éigeantacha. Tá solúbthachtaí breise ann, mar shampla, sna ceanglais maidir le nochtheadh i ndáil le héifeachtaí airgeadais a eascraíonn as rioscaí inbhuanaitheachta agus i ndáil leis an teagmháil le páirtithe leasmhara, agus sa mhodheolaíocht chun an próiseas measúnaithe ábharthachta a úsáid. Thairis sin, mhodhnaigh an Coimisiún pointí sonraí maidir le héilliú agus breabaireacht agus maidir le cosaint sceithirí eolais, arbh fhéidir a mheas gur sháraigh na pointí sonraí sin a gceart gan iad féin a ionchoiriú.
- Comhleanúnachas le creat dlíthiúil an Aontais: Modhnuithe teicniúla chun a áirithiú go mbeidh sé ailínithe níos fearr le forálacha eile sa Treoir Chuntasáíochta agus le píosáí ábhartha eile reachtaíochta, maidir leis an Treoir um Thrédhearcacht Pá agus leis an gClár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán, mar shampla.
- Idir- inoibritheacht le tionscnaimh dhomhanda maidir le socrú caighdeán: lean an Coimisiún agus EFRAG dá ndlúthchomhar leis an mBord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta agus leis an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú chun ardleibhéal idir- inoibritheachta le ESRS a áirithiú, agus rinneadh tuilleadh modhnuithe ar dhréacht- ESRS i bhfianaise an chomhair sin.
- Modhnuithe eagarthóireachta agus cur i láthair: rinne an Coimisiún athruithe eagarthóireachta agus cur i láthair chun feabhas a chur ar shoiléireacht, inúsáidteacht agus comhleanúnachas na gcaighdeán. Áirítear orthu sin, mar shampla, coinbhinsiún dréachtaithe a tugadh isteach chun na téarmaí uile a bhfuil sainmhíniú beacht ag ESRS orthu a shainaithint go soiléir.

De bharr na mbeart céimnithe isteach breise atá beartaithe, tá coinne ag an gCoimisiún leis go dtiocfaidh laghdú EUR 1 172 mhilliún ar an gcostas iomlán le linn na tréimhse céimnithe isteach i gcomparáid leis na dréachtchaighdeáin a bheartaigh EFRAG. Ina theannta sin, de bharr na modhnuithe atá beartaithe maidir le hábharthacht agus de bharr go ndearnadh nochtaí deonacha de nochtaí áirithe, measann an Coimisiún go dtiocfaidh laghdú EUR 230 milliún in aghaidh na bliana ar chostais i gcomparáid le togra EFRAG. Tá na meastacháin chostais sin bunaithe ar na modhnuithe is substaintiúla a rinneadh i gcomparáid le dréachtaí EFRAG. Tá siad bunaithe ar thoimhdí coimeádacha, ós rud é nárbh fhéidir na laghduithe breise costais a tharlódh de bharr modhnuithe eile (tuilleadh solúbthachtaí maidir le nochtaí áirithe, comhleanúnachas feabhsaithe le creat dlíthiúil an Aontais, idir- inoibritheacht le tionscnaimh dhomhanda maidir le socrú caighdeán agus modhnuithe eagarthóireachta agus cur i láthair) a chainníochtú ag an gcéim seo ar bhealach fóna.

Tá sásra léirmhíniúcháin á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun léirmhíniú foirmiúil ar na caighdeáin a sholáthar. Chomh maith leis sin, d'iarr an Coimisiún ar EFRAG treoraíocht bhreise agus ábhar oideachasúil a fhoilsiú lena dtabharfar aghaidh ar an bpróiseas measúnaithe ábharthachta agus saincheistean eile.

Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhsheasmhacht an ghnímh tharmligthe seo leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Dlí Aeráide Eorpach

²⁴ Is é is brí le 'neamhfhostaithe' daoine féinfhostaithe nó daoine arna soláthar ag gnóthais agus a bhíonn ag gabháil go príomha do 'ghníomhaíochtaí fostaíochta' (Cód NACE N78).

(Rialachán (AE) 2021/1119)²⁵, agus leis an gcuipóir go n- áiritheofar go ndéanfar dul chun cinn maidir leis an oiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

Sonraítear leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) a úsáidfídh gnóthais chun a dtuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta.

Gabhann na hIarscríbhinní seo a leanas leis an ngníomh tarmligthe seo:

- Iarscríbhinn I, lena n- áirítear:
 - *Caighdeáin thrasearnálacha:*
 - ESRS 1 Ceanglais ghinearálta
 - ESRS 2 Nochtaí ginearálta
 - *Caighdeáin maidir le hábhair Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais:*
 - ESRS E1 Athrú aeráide
 - ESRS E2 Truailliú
 - ESRS E3 Uisce agus acmhainní mairí
 - ESRS E4 Bithéagsúlacht agus éiceachórais
 - ESRS E5 Úsáid acmhainní agus an geilleagar ciorclach
 - ESRS S1 Lucht saothair dílis
 - ESRS S2 Oibrithe sa slabhra luacha
 - ESRS S3 Pobail dá ndéantar difear
 - ESRS S4 Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh
 - ESRS G1 Iompar gnó
- Iarscríbhinn II, lena n- áirítear an liosta Acrainmneacha agus an Ghluais ina bhfuil na sainmhínithe atá le húsáid chun an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le ESRS.

Tá feidhm ag an ngníomh tarmligthe seo ón 1 Eanáir 2024 maidir leis na gnóthais a bhí, cheana, faoi réir na gceanglas tuairiscithe neamhairgeadais a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais. Déanfar a chur i bhfeidhm a chéimniú isteach i gcás catagóirí eile gnóthas bunaithe ar an gcur chuige céimnithe a leagtar amach in Airteagal 5 CSRD²⁶. Beidh sé de rogha ag FBManna liostaithe a gceanglais tuairiscithe faoi CSRD a

²⁵ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

²⁶ Ó na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó dá éis:

- i) gnóthais mhóra ar Eintitis Leasa Phoiblí (PIEnna) iad a sháraíonn, ar dhátaí a gclár comhardaithe, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais;
- ii) PIEnna ar máthairghnóthais grúpa mhóir iad a sháraíonn, ar dhátaí a chlár comhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais;

Ó na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó dá éis:

- i) gnóthais mhóra seachas gnóthais mhóra ar Eintitis Leasa Phoiblí (PIEnna) iad agus ar mó ná 500 fostaí, ar dhátaí a gclár comhardaithe, an meánlíon fostaithe atá acu le linn na bliana airgeadais;

chomhlíonadh trí thuairisciú a dhéanamh de réir caighdeán chomhréireacha ar leithligh a ghlacfaidh an Coimisiún faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024.

-
- ii) máthairghnóthais grúpa mhóir seachas PIEnna ar máthairghnóthais grúpa mhóir iad agus ar mó ná 500 fostaí, ar dhátaí a chlár comhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, an meánlíon fostaithe atá acu le linn na bliana airgeadais;

I gcás blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 (agus deis ann roghnú gan bheith páirteach i gcás bhlianta airgeadais 2026 agus 2027):

- i) gnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis atá liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais, gan micreaghnóthais a áireamh;
- ii) institiúidí beaga neamhchasta, ar choinníoll gur gnóthais mhóra iad nó gur gnóthais bheaga agus mheánmhéide iad ag a bhfuil urrúis atá liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais, gan micreaghnóthais a áireamh;
- iii) gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais atharachais faoi chuing, ar choinníoll gur gnóthais mhóra iad nó gur gnóthais bheaga agus mheánmhéide iad ag a bhfuil urrúis atá liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais, gan micreaghnóthais a áireamh.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 31.7.2023

lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 ar na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuairiscí gaolmhara de chuid chineálacha áirithe gnóthais, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE²⁷ ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2013/34/AE, arna leasú le Treoir (AE) 2022/2464²⁸, ceanglaítear ar ghnóthais mhóra, ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil urrúis atá ligthe isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte an Aontais, chomh maith le máthairghnóthais grúpaí móra, an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar thionchair na ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais, a áireamh i roinn ar leith dá dtuarascáil bhainistíochta nó den tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite. Tá an fhaisnéis sin le hullmhú ag gnóthais i gcomhréir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ó thús na bliana airgeadais a léirítear in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2022/2464 i gcás gach catagóire gnóthas.
- (2) Ceanglaítear ar an gCoimisiún an chéad tacar caighdeán a ghlacadh faoin 30 Meitheamh 2023 lena sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagal 19a(1) agus (2), agus Airteagal 29a(1) agus (2) den Treoir sin, lena n- áirítear ar a laghad an fhaisnéis a theastaíonn ó rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais chun na hoibleagáidí maidir le nochtadh a leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh²⁹.
- (3) Tá an chomhairle theicniúil a sholáthair EFRAG curtha san áireamh ag an gCoimisiún. Comhlíonann comhairle theicniúil neamhspleách EFRAG na critéir a leagtar amach in Airteagal 49(3b), an chéad fhomhír, an dara fhomhír agus an tríú fhomhír, de Threoir 2013/34/AE. Chun comhréireacht na gcaighdeán a áirithiú agus a gcur i bhfeidhm ceart ag gnóthais a éascú, thug an Coimisiún isteach modhnuithe ar chomhairle theicniúil EFRAG a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige ábharthachta,

²⁷ IO L 182, 29.6.2013, lch. 19.

²⁸ Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

²⁹ Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

tabhairt isteach céimnithe ceanglas áirithe, tiontú ceanglas áirithe ina bpointí sonraí deonacha, tabhairt isteach solúbthachtaí i roinnt ceanglas maidir le nochtadh, tabhairt isteach modhnuithe teicniúla chun comhleanúnachas le creat dlíthiúil an Aontais agus ardleibhéil idir- inoibritheachta le tionscnaimh dhomhanda maidir le socrú caighdeán a áirithiú, chomh maith le modhnuithe eagarthóireachta.

- (4) Comhlíonann na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29b de Threoir 2013/34/AE.
- (5) Ba cheart dá bhrí sin caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta choiteanna a ghlacadh.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 29b(1), an ceathrú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, níor cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm níos luaithe ná 4 mhí tar éis don Choimisiún é a ghlacadh. Ós rud é go gceanglaítear le hAirteagal 5(2) de Threoir (AE) 2022/2464 ar chatagóirí áirithe gnóthas na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a chur i bhfeidhm le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an ceathrú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go comhpháirteach le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰, agus leis an gCoiste Rialála Cuntasaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹. I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an cúigiú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, d'iarr an Coimisiún tuairim ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM), ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), go háirithe maidir le comhsheasmhacht an Rialacháin seo le Rialachán (AE) 2019/2088 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin. I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an séú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an mBanc Ceannais Eorpach, le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a bunaíodh de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal I

Ábhar

Leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá le húsáid ag gnóthais chun a dtuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE de réir an tráthchláir a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2022/2464.

³⁰ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

³¹ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31.7.2023

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN